An Coimisinéir Teanga

# Achtanna na dTeangacha Oifigiúla

# Cur i láthair

- Cúlra dlíthiúil & creat reachtaíochta
- Oibleagáidí reachtúla reatha agus breisithe
- Comhairle, Monatóireacht, Imscrúdú

# An Cúlra Dlíthiúil

**BUNREACHT na hÉIREANN:**

**Airteagal 8**

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.

2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.

3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

# Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
# Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

- Is í aidhm na reachtaíochta ná méadú a dhéanamh, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama, ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal trí Ghaeilge.

- Oifig reachtúil neamhspléach í Oifig an Choimisinéara Teanga a fheidhmíonn mar sheirbhís ombudsman agus mar ghníomhaireacht ghéilliúlachta.

# Creat Reachtaíochta Teanga & Oibleagáidí

- Cumarsáid i scríbhinn – rphost, na meáin shóisialta & cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne
- Rialacháin – C, S & FTB
- Foilseacháin
- Logainmneacha

**Bunfhorálacha & Forálacha feabhsaithe**

**Forálacha Nua**

- Ainmneacha, seoltaí, teidil
- Síneadh fada & TFC
- Foirmeacha Oifigiúla
- Lógónna
- Earcaíocht & Inniúlacht Teanga
- Fógraíocht
- Feidhmíocht agus cuntasacht
- Seirbhísí Dírithe ar an bPobal

**Scéimeanna Teanga > Caighdeáin**

- Seirbhísí ar líne
- Seirbhísí cuntair
- Seirbhísí teileafóin
- Suíomhanna gréasáin
- LPT Gaeltachta

**Achtacháin Eile**

- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024
- An tAcht Craolacháin, 2009

# Cumarsáid i Scríbhinn

## Acht 2003

- R-phoist, litreacha – freagra dlite sa teanga oifigiúil chéanna
- Cumarsáid i scríbhinn leis an bpobal i gcoitinne –
    - i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla

## Acht 2021

- Na meáin shóisialta cuimsithe – freagra dlite sa teanga oifigiúil chéanna
- Cumarsáid i scríbhinn leis an bpobal i gcoitinne (lena n-áirítear margaíocht phoiblí ghinearálta/shonrach) –
    - i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla

# Na Rialacháin

**Stáiseanóireacht agus Comharthaíocht**

Beidh an téacs i nGaeilge:

- Ann ar dtús
- Chomh feiceálach, sofheicthe agus inléite céanna
- Ní bheidh na litreacha sa téacs Gaeilge níos lú ó thaobh méide
- Cuirfidh sé an fhaisnéis chéanna in iúl
- Ní dhéanfar focal sa téacs Gaeilge a ghiorrú mura bhfuil sé seo déanta sa téacs i mBéarla

Fógairtí taifeadta béil, stáiseanóireacht and comharthaí

- Is i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla, a bheidh siad.

# Foilseacháin

Oibleagáidí Reatha:

- Aon cháipéis ina bhfuil tograí beartais phoiblí
- Aon Tuarascáil Bhliantúil
- Aon Chuntas Iniúchta nó Ráiteas Airgid
- Aon Ráiteas Straitéise (faoi bhrí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997)
- Aon doiciméad a bheidh forordaithe ag an Aire

Tá fógraíocht curtha faoin mír seo san Acht leasaithe.

# Logainmneacha

**Orduithe Logainmneacha Gaeltachta 2004 & 2011**

- 3 áit a gcaithfear logainmneacha oifigiúla Gaeltachta a úsáid:
  - Achtanna an Oireachtais nó Ionstraimí Reachtúla
  - Léarscáileanna foilsithe ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
  - Ar chomhartha bóthair nó sráide curtha in airde ag údarás áitiúil

# Ainmneacha, seoltaí, teidil

- Ní mór do chomhlachtaí forordaithe a chinntiú go ndéantar ainm duine a thaifeadadh agus a úsáid i gceart.
- Féadfar seirbhísí comhlachtaí poiblí a shonrú le hordú ón Aire.
- Caithfidh córais TFC deimhin a dhéanamh de go ndéantar ainm, seoladh nó teideal duine i nGaeilge a thaifeadadh agus a úsáid go cruinn:
  - Síneadh fada, cás uachtair & cás íochtair: Mícheál Ó Dúill, Gráinne Ní Mháille
  - Teideal (nó gan aon teideal): An tUasal Marcas Ruiséal, Éilís Uí Chróinín
  - Foirmeacha athartha nó máthartha áirithe: Séamas Mhicil Tom,

    Bríd Róise Rua
- Treoirlínte arna bhfoilsiú ag an Aire.

# Foirmeacha Oifigiúla

**Foirmeacha Oifigiúla**

- Ábhar agus leagan amach na bhfoirmeacha oifigiúla –
  - i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla
- Féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh maidir le comhlachtaí poiblí éagsúla nó foirmeacha oifigiúla éagsúla
- Ord na teanga & téacs – feiceálacht, infheictheacht, inléiteacht, méid, cló, cuma fhoriomlán agus stíl
- An teachtaireacht chéanna i ngach teanga
- Teidil – roimh ainmneacha agus ina ndiaidh, difríochtaí foirmiúla a aithint i ngach aon teanga
- Giorrúcháin

# Lógónna

Áirítear le lógónna: stáiseanóireacht, libhré, comharthaíocht, scéimeanna, cláir, tionscnaimh bheartais, suíomhanna gréasáin a riarann an comhlacht poiblí nó a bhfuil an comhlacht freagrach astu.

**Comhlachtaí reachtúla nua**

Téacsanna ainm agus lógó i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla.

**Athnuachan nó/agus athrú lógó i gcomhlachtaí poiblí atá ann cheana**

Téacs lógó i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla.

I dtéacsanna dátheangacha –

(a) tagann an téacs i nGaeilge roimh an téacs i mBéarla

(b) cothromaíocht ó thaobh feiceálachta, inléiteachta, cló

(c) comhsheasmhacht na ngiorrúchán sa dá théacs

# Fógraíocht

Áirítear le fógraíocht cumarsáid tráchtála, cur chun cinn seirbhíse/táirgí, fógraí earcaíochta foirne, tionscnaimh bheartais, díolachán nó ceannach sócmhainní, comhairliúcháin phoiblí, soláthar seirbhíse.

Caithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil:

- **20%** ar a laghad dá bhfógraíocht bhliantúil uile á déanamh trí Ghaeilge
- **5%** ar a laghad dá mbuiséad bliantúil á chaitheamh ar fhógraíocht trí Ghaeilge agus foilsithe ar na meáin Ghaeilge

Ciallaíonn “meáin Ghaeilge” aon mheáin ina bhfuil 50% nó níos mó d’ábhar na meán sin as Gaeilge.

# Cuntasacht Comhlachta Phoiblí

**Feidhmíocht agus Tuairisciú**

Déanfaidh ceann an chomhlachta phoiblí –

- comhalta foirne eile a cheapadh, ón mbainistíocht shinsearach, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú oibleagáidí faoi na hAchtanna.
- a chinntiú go gcuirtear achoimre ar fheidhmíocht & ar thuairisciú san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta lena mbaineann.

# Seirbhísí Dírithe ar an bPobal

**Seirbhísí pobal-inrochtana**

- Seirbhísí a chuirtear ar fáil, cibé acu ar bhonn íocaíochta nó nach ea, thar cheann comhlachta phoiblí ag duine seachas comhlacht poiblí don phobal i gcoitinne/d'aicme den phobal i gcoitinne,
- Déanfaidh comhlacht poiblí gach beart cuí chun a chinntiú go ndéanfaidh an duine sin, i leith sholáthar na seirbhíse sin, na nithe seo a leanas a chomhlíonadh —
  - rialacháin faoi alt 9(1),
  - fo-ailt (2) agus (3) d'alt 9, agus
  - cibé caighdeáin de na caighdeáin teanga iomchuí is caighdeáin a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann.

# Scéimeanna/Caighdeáin Teanga

**Caighdeáin teanga á dtabhairt isteach**

- Fanfaidh scéimeanna i bhfeidhm go dtí go gcuirfear Caighdeáin ina n-áit.
- Ordúchán ón Aire i leith comhlachtaí poiblí/aicmí comhlachtaí poiblí.
- Seirbhísí atá le cur ar fáil trí Ghaeilge ag an gcomhlacht poiblí.
- Seirbhísí a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.
- Leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a theastaíonn ón bhfoireann le comhlíonadh na gCaighdeán a chinntiú.

# Caighdeáin & Seachadadh Seirbhíse

## Comhairliúchán

- Beidh 3 mhí ag comhlachtaí poiblí chun tuairimí a thabhairt don Aire ar an dréacht den Chaighdeán a bheidh leagtha amach.
- Foilseofar dréacht den Chaighdeán freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne le haghaidh comhairliúcháin phoiblí 3 mhí.

## Tionchar Teangeolaíoch

Comhlachtaí poiblí a sholáthraíonn/a bheartaíonn seirbhísí, cláir agus beartais a sholáthar do:

- Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta
- Bailte Seirbhíse Gaeltachta
- Líonraí Gaeilge

# Caighdeáin Teanga

## Géilliúlacht

- Seasamh réamhshocraithe é an Caighdeán forordaithe a chomhlíonadh mura ndeonaítear maolú ar an gCaighdeán.

## Maolú

- Laistigh de 3 mhí ó fhorordú an Chaighdeáin Teanga, féadfaidh comhlachtaí poiblí iarratas a dhéanamh ar an Aire maolú a fháil ón gCaighdeán nó ó chuid den Chaighdeán.

## Treoirlínte

- Foilseoidh an tAire treoirlínte ar shuíomh gréasáin na Roinne.

# An Coiste Comhairleach Náisiúnta

**Bunú agus feidhmeanna**

- Meitheamh 2022: Cathaoirleach & 5-11 chomhalta
- Plean Náisiúnta do sholáthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge
- Faoi 2030, beidh inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach do **20%** de na hearcaigh nua sa tseirbhís phoiblí
- Dátaí sonraithe faoina mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre in oifigí comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta
- Tuarascáil Bhliantúil ar dhul chun cinn don Aire agus don Choimisinéir Teanga

# OCT - Comhairle, Monatóireacht, Imscrúdú

# Oifig an Choimisinéara Teanga

**Feidhmeanna faoi Achtanna 2003 & 2021:**

- Comhairle do Chomhlachtaí Poiblí maidir le hOibleagáidí
- Comhairle don Phobal maidir le Cearta Teanga
- Gearáin a fhiosrú & Monatóireacht Forfheidhmithe ar an Acht
- Imscrúduithe Reachtúla, nuair is cuí
- Achtacháin eile: stádas & úsáid na dTeangacha Oifigiúla – imscrúdú ar chur i bhfeidhm. Feidhm mhonatóireachta curtha leis in Acht 2021.


# An Próiseas Gearán

- c.700 gearán sa bhliain.
- Is féidir gearáin a ardú go díreach le OCT agus ní gá déileáil leis an gcomhlacht poiblí ar dtús.
- Teagmháil neamhfhoirmiúil – tréimhse fhreagartha 3 seachtaine – síneadh ama, más gá.
- Freagra scríofa i nGaeilge, 4 eilimint i gcás sáraithe:
  - Glactar leis go raibh sárú reachtaíochta ann
  - Leithscéal
  - Réiteach/Réitigh
  - Socruithe chun sárú a sheachaint amach anseo


# An Próiséas Imscrúdaithe

- Nuair nach féidir gearán a réiteach tríd an bpróiseas neamhfhoirmiúil, seoltar imscrúdú reachtúil
- Próiseas foirmiúil é seo, a leagann an Coimisinéir Teanga amach.
- Ní mór don chomhlacht poiblí gach taifead cuí a sholáthar. Níl aon díoluine ach i gcás a bhaineann le faisnéis nó le cibé méid de thaifead a bhaineann le cinntí agus le himeachtaí de chuid an Rialtais nó de chuid aon choiste de chuid an Rialtais.
- Eisítear Tuarascáil ina n-áirítear fionnachtana agus moltaí, más cuí.
- Is féidir achomharc a dhéanamh chun na hArdchúirte ar phointe dlí amháin.
- Mura gcuirtear na moltaí i bhfeidhm laistigh d’achar réasúnta ama, is féidir leis an gCoimisinéir Teanga tuarascáil a thabhairt ar an ábhar do Thithe an Oireachtais.


# Staidreamh




Gearáin agus Comhairle don Phobal
800
700
600
500
400
300
200
100
0
768
638
634
704
604
2016
2017
2018
2019
2020

Imscrúduithe
8
7
6
5
4
3
2
1
0
5
8
8
5
4
2016
2017
2018
2019
2020

Comhairle do Chomhlachtaí Poiblí
180
160
140
120
100
80
60
40
20
0
172
122
115
122
111
2016
2017
2018
2019
2020

Foireann
8
7.8
7.6
7.4
7.2
7
6.8
6.6
6.4
7
8
8
8
8
2016
2017
2018
2019
2020

# Sonraí Teagmhála

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

091-504006
1890 504006

www.coimisineir.ie

eolas@coimisineir.ie

@ceartateanga